S.5
**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | **Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**(200 marc)**

**AOINE, 6 MEITHEAMH - MAIDIN 10.15 go dtí 11.45**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. Iomlán carnach ceisteanna a dícheadaíodh | |
| 3. An t-ollmharc a bronnadh (i.e. 1. Lúide 2. thuas) | |

**Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh **an t-ollmharc** ag 3. thuas don **Móriomlán** sa ghreille ar dheis.

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |




**Thall**


## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Freagair **gach** ceist.


**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**


(a) Glan an clár dubh, le do thoil.
(b) Is maith le Seán an ceol.
(c) Tá Máire ag obair san ollmhargadh.
(d) Cá bhfuil mo mhadra?
(e) Tá clós na rothar oscailte.
(f) Tá siad chun dul trasna na sráide.












**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Coláiste Phádraig**
**Luimneach**

## Turas Lae go Gaillimh
**Dé Sathairn, 24 Bealtaine 2003**

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Bus ó Luimneach go Gaillimh. |
| 11.00 a.m. | Turas bus go Conamara. |
| 12.00 p.m. | Cuairt ar Theach an Phiarsaigh i Ros Muc. |
| 1.30 p.m. | Lón in Óstán na Coirbe. |
| 2.30 p.m. | Am saor i mBóthar na Trá. |
| 3.30 p.m. | Cluiche Rugbaí – Coláiste Phádraig v Coláiste Choilm. |
| 4.45 p.m. | Siopadóireacht sa chathair. |
| 5.30 p.m. | Tae in Óstán Jurys. |
| 6.15 p.m. | Scannán san Omniplex. |
| 9.15 p.m. | Bus ar ais go Luimneach. |

Ticéid – €30 – le fáil ón Rúnaí – roimh 16 Bealtaine.

**<u>Ceisteanna</u>**:

**1.** Cá bhfuil Coláiste Phádraig?

| | |
|---|---|
| I nGaillimh | |
| I Luimneach | |
| I gConamara | |

**2.** Conas a chuaigh siad go Conamara?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| I dtacsaí | |
| Ar eitleán | |

**3.** Cá bhfuil Teach an Phiarsaigh?

| | |
|---|---|
| Sa chathair | |
| I mBóthar na Trá | |
| I Ros Muc | |

**4.** Cad a bhí ar siúl ag 3.30 p.m.?

| | |
|---|---|
| Am saor | |
| Rugbaí | |
| Siopadóireacht | |

**5.** Cé mhéad a bhí ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €16 | |
| €24 | |
| €30 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a rinne siad **tar éis** lóin.

1. ______________________________

2. ______________________________

**CEIST 3**. Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

**Thall**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)**

# SAMANTHA – CAILÍN ÁLAINN !

Rugadh Samantha Mumba i mBaile Átha Cliath. Is amhránaí agus aisteoir í. Bíonn sí ag amhránaíocht in Éirinn, i Sasana agus san Eoraip. Ceannaíonn a lán daoine a ceirníní i Meiriceá agus caitheann sí a lán ama sa tír sin. *Gotta Tell You* an t-ainm a bhí ar a céad albam. Sa bhliain 1998 bhí sí páirteach i gceoldráma *The Hot Mikado* agus sa bhliain 2002 bhí sí páirteach sa scannán *The Time Machine*. Cé go mbíonn sí ag taisteal go minic, is breá le Samantha teacht abhaile go Baile Átha Cliath chun bualadh lena muintir agus lena cairde.



**1.** Cén áit ar rugadh Samantha Mumba? ______________________________


**2.** Cén áit ina gceannaíonn a lán daoine a ceirníní?

| | |
|---|---|
| I Sasana | |
| I Meiriceá | |
| San Eoraip | |

**3.** Cén t-ainm a bhí ar a céad albam?

| | |
|---|---|
| *The Hot Mikado* | |
| *Gotta Tell You* | |
| *The Time Machine* | |

**(b)** # DAMIEN DUFF – TOSAÍ TAPAIDH!



Is duine ciúin é Damien Duff. Rugadh é i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1979. Bhí sé go maith ag an sacar i gcónaí. Nuair a bhí sé an-óg bhí sé ag imirt ar na sráideanna agus sna páirceanna. Leicester Celtic an chéad chlub a bhí aige. Bhí sé ag imirt le Lourdes Celtic agus le St. Kevin's ina dhiaidh sin. Thosaigh sé ag imirt le Blackburn sa bhliain 1997. Bhí sé ar fhoireann na hÉireann i gCorn an Domhain sa bhliain 2002. Is tosaí an-tapaidh é Damien atá ar fheabhas chun cúl a fháil.

**1.** Cén sórt duine é Damien Duff ? ______________________________

**2.** Cad é an chéad chlub a bhí aige?

| | |
|---|---|
| St. Kevin's | |
| Leicester Celtic | |
| Lourdes Celtic | |

**3.** Cén bhliain ar thosaigh sé ag imirt le Blackburn?

| | |
|---|---|
| 2002 | |
| 1997 | |
| 1979 | |

| ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA | (100 marc) |
|---|---|

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE I gCIARRAÍ**




Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

## LAETHANTA SAOIRE I gCIARRAÍ



**Tá tusa anseo**

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Scríobh an **cuntas** (6 abairt) trí na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cén chaoi a raibh an aimsir? ____________________

2. Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid? ____________________

   ____________________

3. Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí? ____________________

   ____________________

4. Cad a bhí ar siúl ag do sheanmháthair? ____________________

   ____________________

5. Cad a bhí ar siúl agat féin? ____________________

   ____________________

6. Cad a bhí le feiceáil ar an loch? ____________________

   ____________________

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an cuireadh seo.

# CUIREADH

A Aisling,

Beidh *The Lord of the Rings* ar siúl san Omniplex tráthnóna Dé Sathairn. Ar mhaith leat teacht liom go dtí an scannán? Beidh sé ag tosú ag 2.30. Tar go dtí mo theach ag 2.00 agus tabharfaidh mo Mhamaí sinn go dtí an phictiúrlann sa charr. Is féidir linn teacht abhaile ar an mbus.

Do chara,
Nuala.

Scríobh an freagra ar an gcuireadh sa spás seo.

**N.B.** Is tusa Aisling.

**FREAGRA**

A Nuala, a chara,

Slán go fóill,
Aisling

**NÓ**

(b)



1. Teilifís



2. Cairde



3. Nóta



4. Ag imirt peile

Tá tusa agus do dheirfiúr Sinéad sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag 8.00 p.m.
Fág **NÓTA** do do Mhamaí. (Liam is ainm duit féin.)

Inis sa **Nóta** :-

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra (Pictiúr 1);
- Cad a tharla (Pictiúr 2);
- Cá bhfuil sibh imithe (Pictiúr 4).

**NÓTA**

A Mhamaí,

Beimid ar ais go luath,
Liam.

**Thall**

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an **Dioscó** seo. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh an t-alt (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**DIOSCÓ I HALLA NA SCOILE**



**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i mbialann i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa bhialann.

[**Nóta**: Is tusa Máirtín Ó Murchú]

## BIALANN UÍ BHEOLÁIN

**Foirm Iarratais**

Ainm: Máirtín Ó Murchú

Seoladh: ______________________________

______________________________

Aois: ______________________________

Breithlá: ______________________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________

An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? ______________________________

Ainmnigh trí ábhar a thaitníonn leat ar scoil. ______________________________

______________________________

Cén t-ábhar is fearr leat? ______________________________

An raibh tú ag obair i mbialann roimhe seo? ______________________________

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair sa chistin? ______________________________

An maith leat bia? ______________________________

Ainmnigh bia amháin a thaitníonn leat. ______________________________

An maith leat a bheith ag obair le daoine eile? ______________________________

An mbeidh tú ábalta obair go déanach anois is arís? ______________________________

An féidir leat obair ag an deireadh seachtaine? ______________________________

An bhfuil cead agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i mbialann? ______________________________

Síniú: *Máirtín Ó Murchú*

Dáta: ____________________